2023/2705

1.12.2023

CINNEADH (CBES) 2023/2705 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Samhain 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1296 mar thaca le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas

(1) An 31 Iúil 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1296 ([1]), lena bhforáiltear do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Chinneadh sin ('an tréimhse cur chun feidhme'), ag dul i gcríoch an 14 Nollaig 2022.

(2) An 8 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2184 ([2]), lenar cuireadh síneadh leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 14 Eanáir 2024 gan aon impleacht a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(3) An 16 Lúnasa 2023, d'iarr Rúnaíocht na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2019/1296, síneadh eile a chur leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 14 Iúil 2024.

(4) Maidir le síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme go dtí an 14 Iúil 2024, níl aon impleachtaí aige sin maidir le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/1296 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2019/1296, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 14 Iúil 2024.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1296 ón gComhairle an 31 Iúil 2019 mar thaca le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 204, 2.8.2019, lch. 29).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2184 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1296 mar thaca le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 288, 9.11.2022, lch. 78).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M.ª J. MONTERO CUADRADO